



An Bhruiséil, 8 Nollaig 2017
(OR. en)

14083/17

SAN 403
DENLEG 96
AUDIO 123
FISC 255

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	8 Nollaig 2017
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	14082/17
Ábhar:	Gnéithe trasteorann i mbeartas alcóil — dul i ngleic le mí-úsáid an alcóil – Conclúidí ón gComhairle (8 Nollaig 2017)

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le gnéithe trasteorann i mbeartas alcóil - dul i ngleic le mí-úsáid alcóil, a ghlac an Chomhairle ag an 3583ú cruinniú a bhí aici, ar an 7 agus 8 Nollaig 2017.

Conclúidí ón gComhairle maidir le gnéithe trasteorann i mbeartas alcóil — dul i ngleic le mí-úsáid alcóil

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

1. MEABHRAÍTEAR DI Airteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena bhforáiltear gur ceart ardleibhéil cosanta sláinte a áirithiú don duine nuair a bhíonn beartais agus gníomhaíochtaí uile an Aontais á sainmhíniú agus á gcur chun feidhme, agus ina luaitear fosta gur ceart do gach gníomhaíocht de chuid an Aontais a bheith ina comhlánú ar bheartais na mBallstát, agus urraim á tabhairt do fhreagrachtaí na mBallstát i leith shainmhíniú a mbeartas sláinte féin agus i leith eagrú agus seachadadh seirbhísí sláinte agus cúraim leighis.
2. MEABHRAÍTEAR DI prionsabail an mhargaidh inmheánaigh mar a fhoráiltear sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
3. MEABHRAÍTEAR DI na tionscnaimh éagsúla arna nglacadh ag an gComhairle maidir leis an díobháil de dheasca ólacháin a bhíonn ann mar thoradh ar mhí-úsáid an alcóil agus, go háirithe, na conclúidí is déanaí ón gComhairle maidir le straitéis an Aontais Eorpaigh chun an díobháil de dheasca ólacháin a laghdú, a glacadh an 7 Nollaig 2015^{1, 2}

¹ IO C 418, 16.12.2015, lch. 6.

² Féach fosta: *Council Recommendation on the drinking of alcohol by young people, in particular children and adolescents* [Moladh ón gComhairle maidir le halcól a bheith á ól ag daoine óga, go háirithe leanaí agus déagóirí] (IO L 161, 16.6.2001, lch. 38); *Council conclusions on a Community strategy to reduce alcohol-related harm* [Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis an Chomhphobail chun an díobháil de dheasca ólacháin a laghdú] (IO C 175, 20.6.2001, lch. 1); *Council conclusions on alcohol and young people* [Conclúidí ón gComhairle maidir le halcól agus daoine óga] (9507/04); *Council conclusions on the EU strategy to reduce alcohol-related harm* [Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis an Aontais chun an díobháil de dheasca ólacháin a laghdú] (16165/06); *Council conclusions on reducing the burden of cancer* [Conclúidí ón gComhairle maidir le hualach na hailse a laghdú] (10414/08); *Council conclusions on alcohol and health* [Conclúidí ón gComhairle maidir le halcól agus sláinte] (IO C 302, 12.12.2009, lch. 15); *Council conclusions on closing health gaps within the EU through concerted action to promote healthy lifestyle behaviours* [Conclúidí ón gComhairle maidir le deireadh a chur le bearnaí sláinte san Aontas Eorpach trí ghníomhaíochtaí combheartaithe a dhéanamh chun stíl mhaireachtála fholláin a chur chun cinn] (IO C 359, 09.12.2011 lch. 5).

4. MEABHRAÍTEAR DI an rún a ghlac Parlaimint na hEorpa ar an 29 Aibreán 2015 maidir le 'straitéis alcóil'³ ina n-iarrtar ar an gCoimisiún obair a dhéanamh ar straitéis nua alcóil (2016-2022), ina gcuireann Parlaimint na hEorpa i dtreis 'gur gá, ar a laghad, líon na gcalraí i ndeochanna alcólacha a shonrú go soiléir ar lipéid a luaithe is féidir', agus 'iarrann sí ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh agus, más gá, ról agus feidhmiú an Fhóraitm Eorpaigh um Alcól agus Sláinte (EAHF)⁴ a athchóiriú' agus an idirghníomhaíocht a mhéadú leis an gCoiste um Beartas agus Gníomhaíocht Náisiúnta i ndáil le hAlcól (CNAPA)⁵ ar leibhéal an Aontais.
5. MEABHRAÍTEAR DI an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *An EU strategy to support Member States in reducing alcohol-related harm* [Straitéis an Aontais chun tacú leis na Ballstáit an díobháil de dheasca ólacháin a laghdú] (2007-2012)⁶, go háirithe i gcás ina rachadh an breisluach a ghabhann le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun tairbhe do na gnéithe trasteorann den straitéis sin, mar shampla ceanglais lipéadaithe nó fógraíocht, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an gealltanais ón gCoimisiún tuilleadh gníomhaíochta den sórt sin a shaothrú agus tacú léi fosta, go háirithe faoi chuimsiú CNAPA agus EAHF.
6. MEABHRAÍTEAR DI an tuarascáil a chuir an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar an 13 Márta 2017 maidir le lipéadú sainordaitheach na ndeochanna alcólacha le liosta na gcomhábhar agus dearbhú cothúcháin⁷.
7. MEABHRAÍTEAR DI an tuairim a d'eisigh Coiste na Réigiún ar an 9 Feabhra 2017 dar teideal *The need for and way towards an EU strategy on alcohol-related issues* [An gá le straitéis de chuid an Aontais maidir le saincheistanna a bhaineann le halcól agus an bealach i dtreo na straitéise sin]⁸, ina n-éilítear straitéis nua alcóil de chuid an Aontais, lena dtabharfaí tacaíocht don iarraidh ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa go mbeadh ceannaireacht láidir pholaitiúil ann maidir leis an tsaincheist sin, agus lena leagfaí béim ar réimsí áirithe le haghaidh gníomhaíochta, amhail neamhchosaint leanaí agus daoine óga a laghdú ar mhargaíocht agus ar fhógraíocht alcóil, lipéadú a fheabhsú ar leibhéal an Aontais agus feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre.

³ IO C 346, 21.9.2016, lch. 32.

⁴ An Fóram Eorpach um Alcól agus Sláinte:
https://ec.europa.eu/health/alcohol/forum/forum_details_en#fragment0.

⁵ https://ec.europa.eu/health/alcohol/committee_en.

⁶ 14851/06.

⁷ 7303/17.

⁸ IO C 207, 30.6.2017, lch. 61.

8. MEABHRAÍTEAR DI an Chairt Eorpach um Chomhshaol agus Sláinte⁹, ina n-aithnítear, ar phrionsabail an bheartais phoiblí, gur cheart tosaíocht ghlan a thabhairt do shláinte daoine agus pobal ar chúrsaí geilleagair agus trádála.
9. MEABHRAÍTEAR DI an straitéis dhomhanda chun mí-úsáid an alcóil a laghdú¹⁰ a d'fhormhuinigh Comhthionól Domhanda Sláinte na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) ar an 21 Bealtaine 2010, chomh maith le plan gníomhaíochta Eorpach EDS chun mí-úsáid an alcóil a laghdú 2012-2020¹¹, a d'fhormhuinigh na 53 bhallstát uile i réigiún Eorpach EDS ar an 15 Meán Fómhair 2011. Sa dá dhoiciméad sin, cuirtear i dtreis gur gá cur chuige cuimsitheach a ghlacadh agus ról cuí a thabhairt do na hearnálacha éagsúla amhail na hearnálacha ina bpléitear le forbraíocht, iompar, ceartas, leas sóisialta, beartas fioscach, trádáil, talmhaíocht, beartas tomhaltóirí, oideachas agus fostaíocht, chomh maith le hoibreoirí na sochaí sibhialta agus oibreoirí eacnamaíocha¹².
10. MEABHRAÍTEAR DI plan gníomhaíochta domhanda 2013-2020 maidir le galair neamhtheagmhálacha a chosc agus a rialú¹³, a d'fhormhuinigh an Comhthionól Domhanda Sláinte i mí na Bealtaine 2013, ina leagtar síos an sprioc laghdú 10 %, ar a laghad, a bhaint amach faoi 2025 maidir le mí-úsáid an alcóil.
11. MEABHRAÍTEAR DI na spriocanna forbartha inbhuanaithe a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2015, ar sprioc acu sin neart a chur le cosc mí-úsáide substainte, lena n-áirítear mí-úsáid an alcóil, agus leis an gcóireáil lena haghaidh fosta¹⁴.

⁹ Ar an 7 agus ar an 8 Nollaig 1989, ghlac airí comhshaoil agus sláinte na mBallstát sin atá i réigiún Eorpach EDS, mar aon leis an gCoimisiún – ag gníomhú dó thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, [An Chairt Eorpach um Chomhshaol agus Sláinte](#) mar threoir do pé gníomhaíocht a dhéanfaidh an Comhphobal feasta i réimsí a bhí faoi inniúlacht an Chomhphobail.

¹⁰ Rún CDS 63.13, lch. 27.

¹¹ Rún EUR/RC61/R4.

¹² Féach pointe 6(b) ar leathanach 6 den straitéis dhomhanda, http://www.who.int/substance_abuse/activities/gsrhua/ga/

¹³ http://www.who.int/nmh/events/ncd_action_plan/en/.

¹⁴ Féach spriocanna Sprioc 3 anseo: <http://www.un.org/sustainabledevelopment/sustainable-development-goals/>.

12. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit trí chur chun feidhme na mbeart dá bhforáiltear ina gcuid straitéisí agus ina gcuid pleananna gníomhaíochta náisiúnta fadréimseacha lena ndírítear ar mhí-úsáid an alcóil a laghdú.
13. TÁ TUGTHA DÁ hAIRE AICI GUR CÚIS IMNÍ DI gurb í an Eoraip an réigiún is mó ólachán ar domhan go fóill. Dhá oiread an mheánleibhéil dhomhanda¹⁵, beagnach, a óltar ar an meán inti. Mar gheall air sin, is inti a dhéanann an t-alcól an díobháil is mó ar domhan, cibé acu an díobháil sin na tinnis éagsúla a chothaítear de bharr an alcóil¹⁶, nó na costais *inter alia* don tsochaí de thoradh na coireachta, an fhoréigin nó an chumais laghdaithe oibre, nó de thoradh na díobhála a dhéantar do leanaí agus do theaghlaigh¹⁷.
14. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcuirfí le fás inbhuanaithe gheilleagar na hEorpa agus le leas an phobail araon dá laghdófaí mí-úsáid an alcóil. Dá laghdófaí mí-úsáid an alcóil, thabharfaí sochair eacnamaíocha agus airgeadais do gach Ballstát agus dá gcuid saoránach, mar shampla trí chur le hinbhuanaitheacht na gcóras slándála sóisialta i gcomhréir leis na spriocanna sa straitéis dar teideal 'an straitéis Eoraip 2020'¹⁸.
15. CUIRTEAR I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuireann mí-úsáid an alcóil go mór le héagothroime sláinte idir na Ballstáit agus laistigh de na Ballstáit chomh maith¹⁹.

¹⁵ *Alcohol in the European Union – Consumption, harm and policy approaches* [Alcól san Aontas Eorpach – cur chuige maidir le méid an óil, díobháil agus beartas], Oifig Réigiúnach na hEagraíochta Domhanda Sláinte don Eoraip agus don Aontas Eorpach, 2012.

¹⁶ Mar a mheabhraigh EDS in *Policy in action – A tool for measuring alcohol policy implementation* [Beartas á chur i ngníomh – uirlis le haghaidh cur chun feidhme beartais alcóil a thomhas] (2017), 'Is í an Eoraip an áit is mó ólachán ar domhan agus an áit is líonmhaire galar dar siocair an t-alcól'.

¹⁷ Féach *Alcohol in the European Union – Consumption, harm and policy approaches* [Alcól san Aontas Eorpach – cur chuige maidir le méid an óil, díobháil agus beartas], Oifig Réigiúnach na hEagraíochta Domhanda Sláinte don Eoraip agus don Aontas Eorpach, 2012. https://ec.europa.eu/info/strategy/european-semester/framework/europe-2020-strategy_en.

¹⁹ Chuir an Chomhairle i bhfios cheana, in 2009, 'go bhfuil an éagothroime sláinte dar bunús deitármanaint shóisialta na sláinte ceangailte go dlúth le méid an óil (mar chúis léi agus mar thoradh uirthi), chomh maith le fachtóirí eile; is baol an-aitheanta í mí-úsáid an alcóil féin maidir le galair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha áirithe óir tá sí ar cheann de na cúiseanna leo sin agus bíonn tionchar aici ar shláinte an lucht saothair' (féach na conclúidí ón gComhairle maidir le halcól agus sláinte, dá dtagraítear i bhfonóta 2).

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá gníomhaíocht a dhéanamh chun an díobháil de dheasca ólacháin a laghdú i raon leathan réimsí beartais agus in earnálacha éagsúla na sochaí ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, d'fhoilligh sochair dhaonna shóisialta a bhaint amach, chomh maith le sochair eacnamaíocha airgeadais do na Ballstáit uile agus dá gcuid saoránach.
17. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbíonn tionchar, de réir thuairim eolaíoch Ghrúpa Eolaíochta EAHF²⁰ agus de réir na staidéar is déanaí²¹, ag margú na ndeochanna alcólacha ar iompar tomhaltóirí, go háirithe ar iompar leanaí agus daoine óga, ar minice a thaispeántar dóibh fógraíocht ar na meáin nua cumarsáide ar líne agus ar dóichí go mbeadh dearcadh dearfach acu i leith brandaí a dhéanann urraíocht ar imeachtaí spóirt.
18. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur tháinig an Coimisiún ar an tátal, sa tuarascáil uaidh ar lipéadú sainordaitheach deochanna alcólacha le liosta na gcomhábhar agus dearbhú cothúcháin²², nach bhfuil aon chúis nach mbeadh an fhaisnéis sin ann i ndáil le deochanna alcólacha, agus iarrann sí ar an tionscal sin togra a thíolacadh le haghaidh féinrialú i leith iomlán earnáil na ndeochanna alcólacha laistigh de bhliain amháin.
19. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil roinnt Ballstát a choinnigh nó a ghlac bearta náisiúnta lena bhforchuirtear ceanglais maidir le lipéadú nó le rabhaidh sláinte agus go gcuireann roinnt monaróirí alcóil faisnéis ar fáil do thomhaltóirí maidir le comhábhair agus luachanna cothaitheacha, cé go ndíolmhaítear deochanna alcólacha ó sholáthar éigeantach na faisnéise sin le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011.

²⁰ http://ec.europa.eu/health/ph_determinants/life_style/alcohol/Forum/docs/science_o01_en.pdf.

²¹ Le haghaidh gach uile cheann acu, féach torthaí an staidéir a rinne RAND i mí Mheán Fómhair 2012, ar iarraidh ón gCoimisiún Eorpach, https://ec.europa.eu/health/sites/health/files/alcohol/docs/alcohol_rand_youth_exposure_marketing_en.pdf.
Le haghaidh na staidéar is déanaí, féach *Jernigan, D., Noel, J., Landon, J., Thornton, N. and Lobstein, T. (2017) Alcohol marketing and youth alcohol consumption: a systematic review of longitudinal studies published since 2008. Addiction* [Andúil], 112: 7-20. doi: 10.1111/add.13591.

²² Tagraítear don tuarascáil sin i mír 5.

20. TÁ TUGTHA DÁ hAIRE AICI GUR CÚIS IMNÍ DI, cé go bhfuil praghas an alcóil ar cheann de na fachtóirí is tábhachtaí a rialaíonn iomlán mhéid an alcóil a óltar agus go bhfuil sé ar cheann de na huirlisí is cumhachtaí as a bhféadann tíortha úsáid a bhaint chun cosc a chur le mí-úsáid an alcóil²³, go bhféadfadh cuspóirí sláinte roinnt Ballstát a bheith i gcontúirt de dheasca na gcainníochtaí iomarcacha alcóil, a ndeirtear gur le haghaidh úsáid phearsanta iad, a iompraítear ó thíre amháin go tíre eile.
21. TÁ TUGTHA DÁ hAIRE AICI GUR CÚIS IMNÍ DI go mbíonn tionchar ar an méid alcóil a óltar ag an infhaighteacht fhisiceach agus ag an rochtain éasca ar alcól agus, sa chomhthéacs sin, go bhfuil dúshlán nua ann do na Ballstáit agus iad ag dul i ngleic le teacht chun cinn na ndíolachán ar líne, agus go háirithe i ndáil le deochanna alcólacha a bheith ar fáil do mhionaoisigh.
22. TÁ TUGTHA DÁ hAIRE AICI GUR CÚIS IMNÍ DI gur féidir leis an neamhchosaint ar fhógraíocht trasteorann – lena n-áirítear fógraíocht ar líne, agus trádáil trasteorann (agus díolachán ar líne) – lagú a dhéanamh ar éifeachtacht na rialachán agus na bpleananna a bhíonn ag na Ballstáit darb aidhm bearta cosanta a thabhairt isteach do shláinte an phobail agus úsáid díobhálach an óil a chosc. Mar sin de, is leis an gcomhar iltaobhach, i réimsí éagsúla beartais, a bhainfear an tairbhe is mó as bearta náisiúnta i leith saincheisteanna sláinte.
23. TUGANN SÍ DÁ hAIRE a luachmhaire atá na sonraí inchomparáide ar an méid alcóil a óltar agus ar an díobháil a dhéantar dá bharr - sonraí a bailíodh ar bhonn modheolaíocht choiteann - le haghaidh forbairt ar bhearta alcóil san Aontas, agus le haghaidh meastóireacht ar an tionchar a bhíonn acu, agus sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair atá á déanamh cheana faoi chuimsiú na gníomhaíochta comhpháirtí maidir leis an díobháil de dheasca an ólacháin a laghdú (JARARHA)²⁴.

²³ Féach *Global Strategy to Reduce the Harmful Use of Alcohol*, WHO, 2010.

²⁴ Ar an suíomh <http://www.rarha.eu/Pages/default.aspx>, féach go háirithe an tuarascáil maidir le [Comparative monitoring of alcohol epidemiology across the EU](#) [Faireachán comparáideach ar eipidéimeolaíocht an alcóil ar fud an Aontais].

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

24. Leanúint le neartú chur chun feidhme phlean gníomhaíochta domhanda 2013-2020 maidir le cosc agus rialú galar neamhtheagmhálach, d'fhonn an sprioc a bhaint amach go ndéanfaí laghdú comparáideach 10 % i ndáil le mí-úsáid an alcóil faoi 2025.
25. Leanúint leis an gcuspóir maidir leis an díobháil de dheasca ólacháin a íslíú a chomhtháthú i ngach beartas ábhartha náisiúnta, beartais amhail beartais ar dóichí tionchar a bheith acu ar phraghsanna na ndeochanna alcólacha chomh maith le beartais lena ndírítear ar rialáil socraithe le haghaidh dhíolachán agus mhargaíocht an alcóil, i gcomhréir leis na moltaí sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an tsláinte i ngach beartas²⁵.
26. Féachaint an bhféadfaí, faoi chuimsiú an chomhair dhéthaobhaigh agus an chomhair iltaobhaigh, agus urraim á tabhairt d'fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh, bearta a ghlacadh darb aidhm mí-úsáid an alcóil a laghdú ar an leibhéal náisiúnta, amhail bearta atá dírithe ar chosaint leanaí agus daoine óga ó neamhchosaint ar fhógraíocht trasteorann laistigh den mhargadh aonair, lena bhfeabhsófar éifeachtúlacht na faisnéise a chuirtear ar fáil trí lipéadú na ndeochanna alcólacha agus lena gcuirfear cosc ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha a bhaineann le hiompar trasteorann alcóil.
27. Faireachán géar a dhéanamh ar chomhlíonadh bhearta an Aontais agus na mbeart náisiúnta darb aidhm cosc a chur ar mhí-úsáid an alcóil, amhail an aois íosta ag a mbeidh cead alcól a cheannach agus na coinníollacha is infheidhme maidir le hiompar trasteorann na ndeochanna alcólacha.
28. Breathnú ar bhealaí a d'fhéadfadh cosc a chur, trí shocruithe déthaobhacha agus iltaobhacha, ar thionchar diúltach na saincheistanna trasteorann ar éifeachtacht na mbeart náisiúnta darb aidhm dul i ngleic le mí-úsáid an alcóil.

²⁵ Conclúidí ón gComhairle a glacadh ar an 30 Samhain 2006 (16167/06).

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

29. Leanúint d'fhaisnéis a bhailiú agus a mhalartú, ar leibhéal an Aontais, faoi na bearta náisiúnta arna nglacadh i gcomhthéacs bheartas an alcóil, agus faoi fhorfheidhmiú na mbeart náisiúnta a bhaineann le halcól, fosta.
30. Leanúint den chomhar a fhorbairt agus den dea-chleachtas a mhalartú, darb aidhm mí-úsáid an alcóil a laghdú san Aontas i ngach cás inar féidir, go háirithe trí mhaoirseacht níos fearr ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh beartais náisiúnta alcóil i mBallstáit eile a lagú, mar shampla, tarchur trasteorann na dteachtaireachtaí fógraíochta agus ceannacháin trasteorann na ndeochanna alcólacha.
31. Tacú le forbairt a dhéanamh ar staidéir agus ar thaighde eolaíoch darb aidhm na bearta agus na tionscnaimh is éifeachtúla a shainathint chun dul i ngleic le mí-úsáid an alcóil agus a dtorthaí siúd a roinnt, d'fhonn, *inter alia*, an leas is fearr a bhaint as an tionchar a bhíonn ag an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil maidir le deochanna alcólacha, mar shampla trí lipéadú.
32. Cur leis an obair atá á déanamh ag EDS, i gcomhthéacs ghníomhaíocht chomhpháirteach an Aontais maidir le mí-úsáid an alcóil agus i gcomhar le gníomhaireachtaí inniúla an Aontais agus le comhlachtaí eile²⁶, chun forbairt a dhéanamh ar mhodheolaíocht choiteann do bhailiú agus d'anailís na sonraí ábhartha, lena ndéanfar faireachán agus meastóireacht ar thionchar na mbeart trasearnálach, idir bhearta náisiúnta agus bhearta de chuid an Aontais, le haghaidh mí-úsáid an alcóil a laghdú, lena n-áirítear staidreamh ar cheannacháin trasteorann agus sonraí lena bhféadfaí méid, ábhar agus tionchar mhargú an alcóil sna meáin nua a mheas, go háirithe an tionchar a bhíonn aige ar leanaí agus ar dhaoine óga.

²⁶ Mar shampla, [an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú \(ECDC\)](#), [an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí \(EMCDDA\)](#), [an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia \(EFSA\)](#), [an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair \(EU-OSHA\)](#).

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

33. Straitéis a ghlacadh atá tiomanta don díobháil a dhéanann an t-ólachán- a laghdú, dá dtagraítear i mír 21 de na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais chun an díobháil a dhéanann an t-ólachán a -laghdú²⁷, ar cheart di gnéithe eolaíochta, teicneolaíochta, eacnamaíochta agus sóisialta mhí-úsáid an alcóil a chur san áireamh mar aon leis na forbairtí a rinneadh ó 2012 i réimsí éagsúla beartais a mbíonn tionchar acu ar an díobháil a dhéanann an t-ólachán-.
34. Leanúint leis na cuspóirí maidir leis an díobháil de dheasca ólacháin a chomhtháthú i mbeartais ábhartha uile an Aontais, i gcomhréir leis na moltaí atá sna conclúidí ón gComhairle maidir le sláinte i ngach beartas.
35. Leanúint le tacaíocht a thabhairt do bheartais choisc na mBallstát, agus urraim iomlán á tabhairt do phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta agus do thraidisiúin shóisialta chultúrtha chomh maith, idir áitiúil agus réigiúnach, chun méid an alcóil a óltar a laghdú, chun cosc a chur ar mhí-úsáid an alcóil agus chun dul i ngleic leis an díobháil a leanann de
36. Breathnú ar na bealaí uile, faoi chuimsiú an tríú clár gníomhaíochta i réimse na sláinte poiblí²⁸ – is é sin faoi chuimsiú CNAPA – lenar féidir tionscnaimh na ngeallsealbhoirí leasmhara uile a mhaoiniú i gcónaí. Gníomhaíocht chomhpháirteach maidir le mí-úsáid an alcóil a thionscnamh agus a chur chun feidhme, d'fhonn cur leis an obair a rinneadh cheana faoi choimirce JARARHA, a tháinig chun críche in 2016, i gcomhréir leis an gclár sláinte.
37. Leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairt na meán nua agus measúnú a dhéanamh ar na bearta atá á ndéanamh faoi láthair, arb é is aidhm dóibh an neamhchosaint a laghdú ar fhógraíocht an alcóil a tharchuirtear trí na meáin dhigiteacha, go háirithe i leith leanaí agus daoine óga.

²⁷ Tagraítear dó sin i mír 2.

²⁸ Féach Rialachán (AE) Uimh. 282/2014.

38. Riachtanais na dtomhaltóirí maidir le faisnéis, cumas na dtomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh, na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta a ceapadh chun cosc a chur ar mhí-úsáid an alcóil agus ar an iompar andúileach, an gá atá ann chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an margadh aonair, agus na tionchair dhearfacha nó dhiúltacha ar fad a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta a ceapadh ar na hearnálacha – tá na nithe seo uile le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na tograí féinrialála a thíolacfaidh tionscal na ndeochanna alcólacha maidir le faisnéis a chur ar fáil faoi chomhábhair na ndeochanna sin agus faoina luachanna cothaithe faoi mhí an Mhárta 2018²⁹.

I gcás ina meastar an cur chuige féinrialála a bheith míshásúil, measúnú tionchair a sheoladh gan mhoill d'fhonn bearta iomchuí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle roimh dheireadh na bliana 2019, arb é is aidhm dóibh fianaise ábhartha a chur ar fáil maidir le comhábhair agus luachanna cothaithe i leith iomlán earnáil na ndeochanna alcólacha.

Trédhearcacht an mheasúnaithe a áirithiú mar aon le trédhearcacht na mbeart a dhéanfar ina dhiaidh sin, trína gcuid foras mionsonraithe a chur ar fáil go poiblí agus ar bhealach ar féidir teacht uirthi go héasca, chomh maith le gach faisnéis ábhartha.

39. Clár aonair ar líne a choinneáil ar fáil go poiblí, ina mbeidh liosta na dtionscnamh agus na ngníomhaíochtaí uile a dtugann an Coimisiún fúthu maidir leis na beartais éagsúla a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar a ndéantar chun dul i ngleic le mí-úsáid alcóil, agus, ag an am céanna, tuarascáil a thabhairt gach dhá bhliain chuig an gComhairle ar thoradh a chuid oibre agus ar an dul chun cinn atá déanta maidir le mí-úsáid an alcóil a laghdú³⁰.

²⁹ Féach conclúidí na tuarascála ón gCoimisiún maidir le lipéadú sainordaitheach na ndeochanna alcólacha le liosta na gcomhábhar agus dearbhú cothúcháin (7303/17 – COM(2017) 58 final).

³⁰ Mar a iarradh i mír 22 de na conclúidí ón gComhairle, dá dtagraítear i mír 2, maidir le straitéis an Aontais Eorpaigh chun an díobháil de dheasca ólacháin a laghdú (2015).